

Ní deireadh d'anbhuan Éireann

[Text below from O'Conor Don, 345b-347b; published in Ó Raghnalláigh, *Filí agus filidheacht Chonnacht*, 1938, 52-63]

[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 NI deiredh d'anbhúain Éirinn
crioch Gháideal na ngormghéibhionn
eng mhín do chédghabh Cesair
tír dob édmar imreasain.

2 Go hoirer mBanbha mbántais
ó thainig tus gabháltais
mór rí do fhégh an innsi
do bhí ag éd bhán Éirinn-si.

3 Ré sluag Banbha na mbug slim
tugadh fa inis d'Éiri(o)nn
réidhe a cnoc millsi a medha
lot na hinssi a hairrghena.

4 Fine Greg ar tus tainig
feis ré hÉirinn iomráidhid
d'fhios eóil a mínen 'sa magh
a ndeóigh dilen do dhórtadh.

5 Go crich nGaoideal da gabháil
tegaid timchioll Parrtaláin
deghshlúaigh ar fhéghain dob ferr
lér mhédaigh anbhúain Éirenn.

6 Do-níad clann nemhthláith Neimhidh
gabháil o bfúair fóirighin
ar lughaidh ttraichtghil tte^s
curaidh lér fháiltigh Éire.

7 Fa anbhúain ó Fheraibh Bolg
do bhí Éire na mórcholc
'na hádhba creach is chogaidh
Banbha as-ttech go ttugadair.

8 Fir Ghailían gabháil oilé
do-níd go híath nlúgoine
tríal ór búaidhertha an Bhánbha
slúaghshirtha fhían n-allmurdha.

9 Gan orrha acht innioll cogaidh
líon a ttionól tángadair

Fir Dhōmhnann doiligh an dream
go gormfhonn n-oirir nÉirenn.

10 Idir Tuathaib Dé Dhanann
inis Fáil na bfíarabhall
tug an bhen 'na mbainnsibh slúaigh
treall da haimsir fa anbhúain.

11 Meic Mhíledh macroidh bháidhe
glúaisid ó ghort Easpáine
d'fhios a cúan mbalbhúaine mbinn
fa túar anbuaine d'Éirinn.

12 Gabhuid Frangcaigh fecht oile [346a]
orrláimh innsi Láoghaire
ben Briain arna boing d'feroibh
bíaidh ag an droing dheighenoigh.

13 A leith na fédhna a Frangcaibh
Gáoidhil as íad ionnarbthair
rachaidh ní gabháltus gerr
barántus achaidh Éireann.

14 D'éis gac gabháltais dar gheabh
do rioghraídih Gall no Gáoidheal
ráith Dhá Thí na ttreabh solus
ga fer 'ga mbí a bunadhus?

15 Bhaitér a Búrc ní b'reath chláon
thoghus Fódhla na bfionnbhráon
'na rígh ós cionn a chinidh
ar thír na bFionn fóirfighir.

16 Baramhail do-bheirid féin
fine Bhúrcach a Bhaitéir
gan óg da shliocht nó senoir
ad riocht ar fhód nÉiriomhóin.

17 An tshealbh bhias ad bhais leabhair
tuitfidh ón treibh Gháoidhealaigh
fada bhús libh míonghort Múaighe
ní ríoghdhocht fir énuaire.

18 Cuigedh Méadhbha na múr ngeal
ní racha fa rádh sinnsear
ní bhía sibh le cert cConnacht
ná sir techt ar torannacht.

19 Gaoidil Fhódhla in bar n-aghaidh

mó a Bhaitéir do bharamhail
a thaighleoir brúaigh na Banbha
fúaigh da n-aimhdheónin h'atharrdha.

20 Miorún na nGaoideal nglas-[s]a
da ccluinid síol Sérlusa
triallfod fiedhnacha leó a-le
go heó gríanshrotha Gaillbe.

21 Óig na Fraingce fir cródha
tar muir a mhic Onóra
sgáoilfid ceó braoininsi Breagh
na Gaoidil-si is leó lingter.

22 Ni híomdhá a Bháitéir Búrc
bhá íath Meadhba na míndrúcht
cáin rígh nar thabaigh thusa
gan cabhair shíol Shéurlusa.

23 Fecht da raibh[e] rí an domhain
ad comháois a[n] ccualabhair
le gaisgedh ag gabháil neirt
ag faghail aisged n-oirdreic.

24 Idir leabhroibh laithe n-áon
do-connairc a chíabh orchláon
le a bharántus do-bhér me
sgél ar gabháltus nGréige.

25 Léd leithéid d'fiorGhall eile
tainic a ttús aimsire
go míonmhagh nGrég da gabháil
ríoghradh nár fhed d'iongabháil.

26 Gabháltus núá nochtaim dhuit
a Alexanndair mic mic Pilip^s
do-rinne ar ghoirminis nGrég
righe coirmhilis cláoinghég.

27 Slóigh fhinn Greg is Alex-anndair^s
suidhid dhá chath chomhardaigh
láimh re cúan 'na chúan loingsi
fa túar áigh an ámhaill-si.

28 Mac Philib ina phopall
nírb fada ón óg ábhradonn
gar dhóibh ar oile d'fhéghain
toighe sróil ag sáorGréugaibh.

29 Fograid cath ar a chéile [346b]
fir Grég is Goill aigmhéile
ar ndul dóibh a n-egur áigh
na slóigh do b'egail d'edráin.

30 Deireadh láoi a leirg an tochair
cinnid Goill ar Grégachaibh
lón glíadh ní théid on treas-soin
dar triall a Gréig ghoirmlesoidh.

31 Ionnarbhar ón uair-si a-mach
fine Greg na ngread siúblach
Goill ar ttocht ina ttreisi
ag roinn ghort na Gréigei-si.

32 Ni leigidís Goill san Greig mhóir
go sgur dimerge an deghshlóigh
críoch géach linnte leabur
Gréugach innte tt'aitreabhadh.

33 Ní dúthchus fa dera dháibh
ríoghacht Gréige do gabháil
curaidh shlóigh chatharrdha chniocht
dhóibh nír b'atharrdha an óigreacht.

34 An rí úaibhreac Alex-anndair^s
Greugaigh d'éis a n-ionnarbaidh
san éing-si ní hí a shealbhus
do bhí treimsi a ttigernus.

35 Goill na meadha is mac Pilip
ríoghacht oile aitrighid
barr cúnchas do cheis ar Gréig
nír dhúthchus leis a leithéid.

36 A hoilén Gréige do-ghabh
Alex-anndair as é a dheireadh^s
'na shenlíne ag techt thairsi
nert deighrighe an domain-si.

37 Ag so a Bhaitéir brígh an sgeoil
ag gabháil neirt do neimhdheóin
tú ar amhsoine a ttígh Dha Thí
ribh as cosmuile an cédrí.

38 Goill eile ní fhuilim dháibh
sgél ort a oígre Sea[á]in
eng thíre d'Eirinn agaibh
righe a héineing fúaradair.

39 Righe an domhain día do shén
mur frith a héineing d'oilén
dóigh leinn an gort do ghabháil
a heing do port Phárthaláin.

40 Rachaidh Fódhla na bfhonn réidh
a ndiaigh na beinne a Bhaitéir
do ghabhais beinn don Bhanbha
as greim amhais allmurdha.

41 Ar ghabhaltus oirir Airt
Uilliam Concur do chéadchait
tarraidh íarlocht d'inis Bhregh
dar dhligis gríanghort Gáoidheal.

42 Don ríoghacht do ghabhsat Goill
ní heng thíre do thúaroim
do mhéduigh gal do grúaidhe
féghain ar magh minMhúaighe.

43 Ní mór nár mealladh thusa
tugus do thír dhúthchása
clár táobhúaine na ttreabh slim
ar seal áonuaire d'Éirinn.

44 Ar íasacht innsi Banbha
nír bh'ionntuctha a hathárdha
cúis imdergaidh dhún is di
cúl ré finlearguibh Fraingci.

45 An t-oilén-sa Gháoidhil Ghlais
ní díogha an rogha rugais
geall ó gach íathmhoigh aice
eng íarthoir na hEóraipe.

46 Da mbeith gúasacht thoir no thíar [347a]
san crích-si chloinne Uillíam
síad rodhána as an té is trén
do b'é a mbaránta Bhaitér.

47 Clár Muaigne na magh mbreacglas
'ma meinic a n-eigentas^a
fóiridh ursa ghlanshlúagh Ghall
an fonn-sa ar anbhúain echtrann.

48 San bheirn a ferthar frasa
lá troda shíol Sér^lasa
mairg do-rinne dóigh dheabhta

don tinne óir aithleghtha.

49 Gid mor baramhail Bhúrcach
bhá chlár mBanbha mbráonndrúchtach
ní théid radhámhna da fhréimh
tar méid mbaramhla Bhaitéir.

50 Lá ag comhairle ré chéile
Goill na Fraingce fóidréidhe
tig gach drem go géig Gaillbhe
's ní théid a ccenn chomhairle.

51 Ní comhtrom comardadh Gall
da mbeith go mbeidís ionann
íarsma féine na Fraingce
ré chéile nír chomhaidthe.

52 Da thréighe nach raibhe riam
a ccogar chloinne hUilliam
mac na flatha ó ghort Gaillbhe
gan lucht ccatha a ccomhairle.

53 Mion a mhoid mall a dhiomdha
airrghe ádhbhair ttigherna
'na aghaid ní hiomdha sgél
caruidh a bhíodhbha Bhaitéir.

54 Baitéir mur do bhí [a] athair
bíaidh 'na rígh ós Frangcachaibh
ní hanndhúthchus dar úa an rath
go húa mbarrúrchas mBúrcach.

55 Do chuirfedh cruas a reachta
da léigghi a los éigreachta
sealbh na righe da rochtain
leanb cíghe tré Connochtaibh.

56 Do eirigh san aird-si thíar (linnibh)
da slechtuid aicme Uilliam
ré soiniomdha coimdhe cháigh
oigre soidhíorga Sea[á]in.

57 Na Goill-si a-le tar linnibh
ag techt go fód Féidhlimidh
fonn áosda dob óg bfochain
táosga an fód ag Frangcachaibh.

58 Slúagh Fraingce na bfhúighledh grinn
agraid anbhúain ar Éirinn

lúaithe leó go clár Connla
gleó dob ál bhá n-atharrdha.

59 Ag díon Éirionn an fheoir thais
cuirfidh seabhcóir shíol Sérlais
crú tre dhéarnannoibh nglac ngeal
ó fhédhmannoibh mac Míledh.

60 Tig ann iar sin neull flatha^a
fa shíoth do-bheir Búrcacha
caidhe slógh armnúaidhe as ferr
ar cclódh anbhúaine Éirenn.

61 Braiter ar bherla na n-én
an righe ag rochtain Bhaitér
mithidh feis re fód nGaillbhe
leis a-táid na tiormáibhne.^x

62 Tarla ris do radh cléire
díol Bhaitéir do bhainchéile
fiú a bhladh a togha tarsa
rogha bhan na mBúrcachsa.

63 Inghen Toirrdealbaigh troigh mhín [347b]
ben dob iomcubaíd d'airdrigh
ní bfúair sí féin 'na fionfhuil
ní budh béim ar bhainríoghain.

64 Mná shíol cColla is da ccerdaibh
nach ttuillid fáth imdhergaidh
ní tug goil a ngrúadh Mháire
a lúadh a ttoigh tromdháimhe.

65 Ádhbur farbh arduighte a ghuth
oígre Máire a meascc Bhúrcach
ben oinigh is di dleghar
do-ní a hoighir d'úaisleghadh.

66 Fedh a cúarta ag neimhedh náoimh
ní thabhair ag dáil dhonnbráoin
nó go ngontoir glún Mháire
cúl ré hochtghoin n-iomháighe.

67 Tré ghloine soluta shéimh
ag faicsin a fuilt mháioithréidh
nír mhédaigh menma Mhaire
féuchain éarla órfhainne. NI DEIRR